Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10067/26**

**SCH-EVAL 27**
**JAI 717**
**COMIX 130**
**SCHENGEN 14**
***IS***
***NO***
***CH***
***LI***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Meitheamh 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le rialachas Schengen a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le rialachas Schengen a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, mar a d’fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) iad ag an 4179ú cruinniú a bhí aici an 4 Meitheamh 2026.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le rialachas Schengen a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta**

Tá Schengen tagtha chun cinn mar chóras láidir uathúil cuimsitheach, inar gá comhpháirteanna éagsúla a chur chun feidhme ar bhealach comhleanúnach comhordaithe chun borradh a chur faoinár n-athléimneacht chomhchoiteann.

Chun limistéar Schengen dea-fheidhmiúil a bhaint amach, tá gá le creataí rialachais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a threisíonn a chéile go frithpháirteach, lena dtugtar le chéile na réimsí beartais agus na húdaráis cur chun feidhme ábhartha uile. Is éard atá sna creataí sin sraith rialacha, nósanna imeachta agus cleachtas lenar féidir *acquis* Schengen a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirithítear saorghluaiseacht daoine thar theorainneacha inmheánacha, lena neartaítear bainistiú na dteorainneacha seachtracha agus lena gcoinnítear ardleibhéal slándála inmheánaí.

Cuireann siad cur chuige comhordaithe comhleanúnach ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do limistéar Schengen. I ndáil leis an méid sin, ba cheart an breithniú is gá maidir le réimsí beartais a bhaineann leis an imirce a dhéanamh, ós rud é go bhfuil an imirce neamhrialta agus gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraithe, in ainneoin an laghdaithe atá ag teacht orthu sin, chomh maith le hionstraimiú na himirce, fós ina ndúshláin shuntasacha a chuireann bac ar limistéar Schengen a bheith dea-fheidhmiúil.

D'ainneoin iarrachtaí leanúnacha le blianta beaga anuas chun limistéar Schengen a neartú, tá roinnt easnamh fós ann i gcur chun feidhme *acquis* Schengen. Níor tugadh aghaidh fós ar roinnt moltaí ó mheastóireachtaí Schengen, tá aghaidh fós le tabhairt go hiomlán ar líon suntasach díobh, agus tógann sé tamall fada chun moltaí eile a chur chun feidhme. Léirítear i roinnt torthaí ó mheastóireachtaí Schengen gur féidir le rialachas neamhéifeachtach Schengen ar an leibhéal náisiúnta tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht náisiúnta, rud a mbeadh tionchar aige ar fheidhmiú limistéar Schengen agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar an muinín fhrithpháirteach i measc na mBallstát.

Ag an am céanna, ní mór creataí rialachais an Aontais a neartú, mar chuid bhunriachtanach de rialachas limistéar Schengen. Ba cheart plé straitéiseach sa Chomhairle, ar an leibhéal polaitiúil agus ar an leibhéal teicniúil araon, eascairt as na heasnaimh is práinní, a sainaithníodh trí na huirlisí atá ann cheana.

Agus sainiúlachtaí náisiúnta agus na struchtúir riaracháin atá ann cheana á n-urramú, tá rialachas láidir ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon ríthábhachtach chun próisis straitéiseacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha agus forbairt ghaolmhar cumais, slándáil inmheánach, agus úsáid éifeachtach a bhaint as cistiú an Aontais agus cistiú náisiúnta, chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh agus chun tosaíochtaí Schengen a chur chun feidhme. Cuireann creataí rialachais comhsheasmhacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna freisin, go háirithe maidir le pleanáil theagmhasach atá nasctha le bainistiú comhtháite teorainneacha.

I bhfianaise an mhéid thuas,

Maidir le rialachas Schengen ar leibhéal an Aontais:

1. Meabhraítear don Chomhairle Dearbhú Schengen an 12 Meitheamh 2025[1] ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé rialachas Schengen a chomhdhlúthú a thuilleadh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus ina léirítear go bhfuil limistéar Schengen gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha mar bhonn agus mar thaca ag an tsaoirse gluaiseachta, lena gcothaítear comhtháthú sóisialta agus fás eacnamaíoch, agus nár cheart rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach ach amháin mar bheart in am an éigin.
2. Meabhraítear don Chomhairle freisin na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026[2], go háirithe pointe 31 díobh maidir le bacainní ar na ceithre shaoirse a chosc agus deireadh a chur leo, ar mhaithe leis an iomaíochas agus le feidhmiú an mhargaidh aonair.

---

1 10068/25.

2 Mar chumasóir riachtanach don Mhargadh Aonair, tá limistéar Schengen ina spreagadh ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas (EUCO 1/26).

3. Meabhraítear don Chomhairle na Treoirlínte Straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.[3]

4. Is mór ag an gComhairle Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen[4] mar an príomhshásra rialaithe cáilíochta ar leibhéal an Aontais, lena ráthaítear feidhmiú cuí limistéar Schengen, agus an Measúnú Leochaileachta[5] i réimse an bhainistithe teorainneacha. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an Tuarascáil ar Staid Schengen, Baraiméadar Schengen agus Scórchlár Schengen. Ba cheart go gcuirfí measúnú cuimsitheach comhroinnte sonraíbhunaithe agus anailísbhunaithe ar fheidhmiú limistéar Schengen ar fáil, mar bhonn do cheapadh beartais fianaisebhunaithe. Leis na huirlisí sin, ba cheart na torthaí agus na heasnaimh a bhfuil an tionchar is mó acu i limistéar Schengen a shainaithint ar bhealach achomair, chun tacú leis an gComhairle agus lena comhlachtaí ullmhúcháin príomhréimsí a shainaithint le haghaidh obair leantach, lena n-áirítear trí phlé sna Meithleacha ábhartha agus tríd an gcinnteoireacht i gComhairle Schengen. Agus an méid sin á chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún, agus an Baraiméadar á ullmhú aige, aird a tharraingt go soiléir ar ghné pholaitiúil na dtorthaí agus na n-easnamh a sainaithníodh, agus ba cheart modheolaíocht an Bharaiméadair a fheabhsú i gcónaí. Ní mór an Tuarascáil ar Staid Schengen agus Baraiméadar Schengen a roinnt leis an gComhairle i bhfad sula ndéanfar aon phlé sna Meithleacha ábhartha chun go bhféadfar Comhairle Schengen a ullmhú ar bhealach nithiúil.

---

3 16343/24.

4 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013.

5 Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624.

5. Chuir Comhairle Schengen feabhas ar stiúradh polaitiúil limistéar Schengen. Is é ról Chomhairle Schengen comhleanúnachas níos láidre a áirithiú idir na meastóireachtaí teicniúla agus stiúradh polaitiúil Schengen. Ag tabhairt dá haire go ndearnadh dul chun cinn maidir le rialachas Schengen a neartú le blianta beaga anuas, ba cheart leanúint de thosaíocht a thabhairt d'uirlisí an Aontais atá ar fáil a úsáid ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus ba cheart béim níos láidre a leagan ar phróiseas leantach struchtúrtha ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí phlé tiomnaithe a dhéanamh i gcomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle chun réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta. Agus an méid sin á chur san áireamh, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, i gcomhréir leis  na hinniúlachtaí atá aige cheana, forléargas a thabhairt go rialta ar na gníomhaíochtaí leantacha a dhéantar mar fhreagairt ar na torthaí a shainaithnítear trí Bharaiméadar Schengen.

6. Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas polaitiúil obair leantach chríochnúil thráthúil a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a eascraíonn as meastóireachtaí Schengen le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais. Tríd an méid sin a dhéanamh, beidh an Chomhairle in ann ardleibhéal cuntasachta a choimeád ar bun agus muinín fhrithpháirteach a chothú i measc na mBallstát.

7. Den mheon céanna, ba cheart don Chomhairle, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, na creataí idirphlé uile atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a úsáid chun aghaidh a thabhairt go gníomhach ar easnaimh leanúnacha i gcur i bhfeidhm an *acquis* agus réitigh orthu a shaothrú.

8. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, feabhas a chur ar an bhfeasacht staide le léirithe staide rialta agus le tuarascálacha anailíseacha ar staid Schengen. Ba cheart don Choimisiún leanúint den Tuarascáil ar Staid Schengen, Baraiméadar Schengen agus Scórchlár Schengen a fhorbairt, i gcomhréir le mír 4 thuas, agus i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí an Aontais agus leis na Ballstáit.

9. Iarrann an Chomhairle freisin ar ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais leanúint dá n-acmhainneachtaí oiliúna a fhorbairt, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach agus le riachtanais na mBallstát, agus comhoibriú go dlúth eatarthu féin chun sineirgí a mhéadú, forluí a sheachaint agus chun féachaint chuige go mbeifear in ann freagairt go tapa ar riachtanais athraitheacha.

Maidir le rialachas náisiúnta Schengen:

10. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit ceannaireacht láidir pholaitiúil a fheabhsú a thuilleadh a mhéid a bhaineann le maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le Schengen, lena n-áirítear cur chun feidhme thosaíochtaí agus ghníomhaíochtaí thimthriall Chomhairle Schengen.
11. Chun an méid sin a bhaint amach, iarrtar ar na Ballstáit a gcur chuige comhtháite uile-rialtais a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áiritheofar gníomhaíocht chomhleanúnach chomhordaithe ar fud na réimsí beartais ábhartha uile, lena n-áirítear réimsí gaolmhara a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Schengen, ar nós  na himirce, agus cearta bunúsacha á n-urramú ag an am céanna, lena n-áirítear sonraí pearsanta a chosaint.
12. Agus socruithe dea-fheidhmiúla náisiúnta maidir le seiceáil cáilíochta i bhfeidhm, arna n-eagrú ag na Ballstáit chun freastal ar a riachtanais agus ar a struchtúir shonracha ábhartha, d’fhéadfaí tacú leis an gcur chuige comhleanúnach cuimsitheach sin lena gcumhdaítear réimsí beartais uile Schengen, i gcomhréir leis na forálacha atá in *acquis* Schengen cheana.
13. Gan teacht roimh chaibidlíocht maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile, ba cheart an aird chuí a thabhairt ar an ngá atá le hacmhainní iomchuí chun creat Schengen a chur chun feidhme agus a fhorbairt. Tá sé sin ríthábhachtach chun cur chun feidhme éifeachtach chumais agus phleananna teagmhasacha an Aontais agus náisiúnta a áirithiú, le tacaíocht ó phearsanra leordhóthanach, oiliúint láidir, bonneagar agus trealamh leordhóthanach, tástáil rialta agus nuashonruithe, agus tacaíocht ó ghníomhaireachtaí an Aontais á cur san áireamh freisin.